An r-Fhoghlaim

a Phleanáil agus a Chur i bhFeidhm i do Scoil

LÁMHLEABHAR DO PHRÍOMHOIDÍ &
DO MHÚINTEOIRÍ COMHORDAITHE TFC

National Centre for Technology in Education
Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas

Forbhreathnú

Réamheolas 7

Tabhairt faoi 17

CÉIM 1: Athbhreithnigh & cuir in ord tosaíochta 25

CÉIM 2: Forbair an Plean 37

CÉIM 3: Cuir an Plean i bhfeidhm agus déan monatóireacht air 47

CÉIM 4: Déan measúnú ar an bPlean 57

NCTE - Comhairle & tacaíocht 63

Aguisíní 71

Clár Ábhar

Réamheolas 7

An Plean Scoile Uile 8
Cad is r-Fhoghlaim ann? 9
Cad is Plean r-Fhoghlama ann? 10
Cad chuige a ndéanfaí Plean r-Fhoghlama? 12
Ceannaireacht i gcomhthéacs pleanáil r-Fhoghlama 12
An Lámhleabhar r-Fhoghlama a Úsáid 13
Achoimre 14

Tabhairt Faoi 17

Timthriall pleanála na r-Fhoghlama 19
An fhoireann r-Fhoghlama 20
Fís na r-Fhoghlama 20
Achoimre 22

CÉIM 1: Athbhreithnigh & cuir in ord tosaíochta 25

Iniúchadh r-Fhoghlama 26
Plean Oibre r-Fhoghlama 28
Tosaíochtaí r-Fhoghlama a Shainaithint 33
Amchreat le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh 34
Achoimre 34

CÉIM 2: Forbair an Plean 37

An Plean r-Fhoghlama a chríochnú 38
Cuid 1: Réamheolas 39
Cuid 2: Forbhreathnú agus pleananna gníomhaíochta 39
Cuid 3: An Conclúid 44
Achoimre 44

Céim 3 – Cuir an Plean i bhfeidhm agus déan monatóireacht air 47

Róil agus freagrachtaí i leith r-Fhoghlama 49
Príomhoide na scoile 49

Múinteoir comhordaithe TFC na scoile 50
Foireann teagaisc 51
An fhoireann r-Fhoghlama 52
Achoimre 54

CÉIM 4: Déan measúnú ar an bplean 57
Leideanna i gcomhair measúnaithe 58
Aiseolas 60
Achoimre 60

NCTE - Comhairle agus tacaíocht 63
Comhtháthú Teicneolaíochta 64
Forbairt Leantach Ghairmiúil 65
Ábhar digiteach 67
Scoilnet 68
Riachtanais Speisialta Oideachais agus TFC 69
Sábháilteacht Idirlín 69
Scoileanna Digiteacha 70
Líonra na n-Ionad Oideachais 70

Aguisíní 71
TEIMPLÉAD DON PHLEAN R-FHOGHLAMA 73
SLIOCHT SAMPLACH AS PLEAN R-FHOGHLAMA 87
CÁS-STAIDÉIR 95
CÁS-STAIDÉAR 1 - COLÁISTE NEWTOWN 97
CÁS-STAIDÉAR 2 - BUNSCOIL CILL ÁINE 103
CÁS-STAIDÉAR 3 - SCOIL SPEISIALTA LAWNS 109
CÁS-STAIDÉAR 4 - COLÁISTE BHAILERÓNA 115
CÁS-STAIDÉAR 5 - BUNSCOIL NA CILLE MÓIRE 121
CÁS-STAIDÉAR 6 - GAELSCOIL MHUIRE 127
LEABHARLIOSTA ROGHNAITHE 132
PLEAN OIBRE R-FHOGHLAMA 135

Cóipcheart © 2009 An tIonad Náisiúnta um Theicneolaíocht san Oideachas
ISBN 0-9538851-6-X

Arna fhoilsiú ag:
An Ionad Náisiúnta um Theicneolaíocht san Oideachas
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9, Éire
Teil: 01 7008200 R-phost: info@ncte.ie Idirlíon: www.ncte.ie

Gach ceart ar chosnamh. Ní ceadmhach aon chuid den bhfoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála nó a tharchur in aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile gan cead a fháil i scríbhinn ón bhfoilsitheoir roimh ré.

Réamheolas

Réamheolas

Tá glactha ag An Roinn Oideachais agus Eolaíochta le straitéis mhionsonraithe um Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) do na blianta 2008-2013, ina gcuirtear roinnt eochair-réimsí in ord tosaíochta maidir le hinfheistíocht agus a chuirfidh níos mó, i bhfad na haimsire, le TFC a chomhtháthú leis an bhfoghlaim agus leis an teagasc. Éileofar ar gach scoil Plean r-Fhoghlama a ullmhú agus a fheidhmiú mar chuid dá bplean scoile iomlán. Is sa chomhthéacs seo a táirgeadh an Lámhleabhar r-Fhoghlama chun cuidiú le scoileanna pleananna agus straitéisí táirgiúla gníomhaíochta a fhorbairt d'fhonn an TFC a chomhtháthú leis an bhfoghlaim agus leis an teagasc trasna an churaclaim.

An Plean Scoile Uile

Éilítear go mbeidh plean scoile uile ag gach scoil faoi mar a leagtar amach faoin Acht Oideachais 1998 é. Ráiteas is ea an plean scoile uile seo ar an bhfealsúnacht oideachais atá ag an scoil, aidhmeanna ginearálta na scoile agus mar atáthar chun iad a bhaint amach. Déileálann sé le curaclam na scoile a fheidhmiú go héifeachtúil agus le hacmhainní na scoile a eagrú chun críche an chuspóra sin.

Forbraítear an Plean r-Fhoghlama i gcomhthéacs an phlean scoile uile, agus leibhéal na n-acmhainní TFC atá ar fáil sa scoil á chur san áireamh chomh maith le muinín agus ullmhaitheacht na foirne leis an TFC a chomhtháthú lena gcuid cleachtas. Dála an phróisis phleanála don scoil uile, baineann forbairt an Phlean r-Fhoghlama leis na páirtithe leasmhara tábhachtacha, ar a n-áirítear an bord bainistíochta, an fhoireann teagaisc, an fhoireann tacaíochta, tuismitheoirí, daltaí agus an pobal áitiúil.

"Trí leas a bhaint as TFC, is féidir le ceird an mhúinte taithí foghlama pearsanta a éascú ar bhealach níos fusa, rud a chabhraíonn le neamhspleáchas, féin-treoir agus scileanna foghlama fadsaoil a fhorbairt".

Ag Infheistiú go hÉifeachtach i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide i Scoileanna, 2008-2013 – Tuarascáil ó Ghrúpa Straitéiseach an Aire

Cad is r-Fhoghlaim ann?

Níl i gceist le r-Fhoghlaim ach foghlaim le cabhair na teicneolaíochta digití. Is réamhriachtanais iad úsáid ríomhairí agus úsáid gléasanna digiteacha eile, mar aon le huirlisí agus le hábhar foghlama arlíne, chun go bhféadfar r-Fhoghlaim a dhéanamh. Má chomhtháthaítear teicneolaíochtaí digiteacha go héiritheach le hoideolaíochtaí cuí chun cuspóirí an churaclaim a bhaint amach, is féidir a mhaíomh go dtarlaíonn r-Fhoghlaim. Tá dul chun cinn á dhéanamh i gcónaí sa teicneolaíocht agus fáil níos mó de réir a chéile ar acmhainní ardcháilíochta arlíne, mórán díobh ina n-acmhainní idirghníomhacha. Dá bhrí sin áirítear i sainmhíniú na r-Fhoghlama, freisin, foghlaim "am ar bith, áit ar bith", chomh maith leis na deiseanna ar fhoghlaim fhéinstiúrtha agus ar fhoghlaim atá níos féinoiriúnaithe.

Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh teicneolaíochtaí digiteacha físeáin i gceist san r-Fhoghlaim mar aon le bogearraí eagarthóireachta chun clár faisnéise a dhéanamh ar stair áitiúil scoile, taighde a dhéanamh ar an gceantar áitiúil tríd an idirlíon, cumarsáid a dhéanamh le staraí arlíne chun breis eolais a bhailiú nó an togra a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na scoile.

Is é TFC an téarma a úsáidtear chun cur síos ar na teicneolaíochtaí digiteacha go léir a úsáidtear san oideachas; tá idir ríomhairí, bhogearraí, cheamaraí digiteacha agus clódóirí á gcuimsiú sa téarma. Tá gach nuatheicneolaíocht mar aon leo siúd atá ag teacht chun cinn san áireamh sa sainmhíniú sin.

Cuimsítear na nithe seo a leanas sna tréithe a bhaineann le cultúr dearfach gníomhach r-Fhoghlama scoile:

- bíonn riachtanais fhoghlama na ndaltaí lárnach i gcónaí i ngach forbairt r-Fhoghlama
- úsáideann an fhoireann teagaisc an teicneolaíocht go lánmhuiníneach
- tá réimse gléasanna TFC ar fáil ar fud na scoile ar féidir iad a úsáid
- tá so-rochtain ag na daltaí agus ag an bhfoireann teagaisc ar áiseanna líonraithe TFC
- tá rochtain dáilte sa scoil ar idirlíon leathanbhanda
- tá foghlaim chomhoibritheach á cur chun cinn
- tá spásanna foghlama á gcur ar fáil d'fhoghlaim atá TFC-chumasaithe
- déantar cosán le haghaidh forbairt ghairmiúil na múinteoirí i gcomhtháthú TFC a phleanáil agus a chur chun cinn
- tá réimse leathan TFC á úsáid ar fud gach réimse foghlama agus teagaisc
- éascaítear foghlaim phearsanta neamhspleách nuair is féidir é agus tacaítear léi
- tá na múinteoirí toilteanach uirlisí agus acmhainní nua digiteacha a úsáid do ghníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama
- soláthraítear deiseanna do dhaltaí scileanna litearthachta digiteacha a shealbhú agus teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid ar bhonn sábháilte agus eiticiúil ó lá go chéile.

Cad is Plean r-Fhoghlama ann?

Déanann Plean r-Fhoghlama cur síos ar shraith gníomhaíochtaí a ghlacfaidh an scoil chuici féin chun TFC a chomhtháthú ina cuid gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc thar thréimhse ar leith. Déanfar an tslí a bhfeabhsóidh agus a bhforbróidh an scoil leibhéal comhtháthaithe na TFC a imlíniú sa Phlean r-Fhoghlama faoi chúig cheannteideal:

- Ceannaireacht agus pleanáil
- TFC sa churaclam
- Forbairt ghairmiúil
- An cultúr r-Fhoghlama
- Bonneagar TFC

Agus Plean r-Fhoghlama á fhorbairt aithneoidh an scoil spriocanna agus tascanna faoi gach teideal thuasluaite d'fhonn TFC a chur chun cinn laistigh den scoil. Baineann roinnt tréithe lárnacha leis an bPlean r-Fhoghlama, mar atá:

- déantar é a chuimsiú sa doiciméad do phleanáil na Scoile Uile
- bíonn ceannaireacht agus treorú ón bpríomhoide agus ón múinteoir comhordaithe TFC ann
- bíonn comhairliúchán le foireann teagaisc uile na scoile i gceist
- díríonn sé ar an tslí ar féidir TFC a chomhtháthú leis an gcuraclam a sheachadadh
- aithnítear na hacmhainní agus na scileanna a bheidh riachtanach chun comhtháthú TFC a chur i gcríoch
- aithnítear buiséad ann
- déantar meicníocht mheasúnaithe a imlíniú ann chun a chinntiú go ndéanfar é a athbhreithniú ar bhonn rialta.

Cuimsítear trí phríomhchuid sa Phlean r-Fhoghlama: an Réamhrá, an Plean féin, agus an Conclúid.

Réamhrá

- Fís r-Fhoghlama na scoile
- Forbhreathnú ar a bhfuil d'acmhainní scoile ann
  - struchtúr agus acmhainní TFC
  - scileanna agus inniúlachtaí TFC na múinteoirí
- Forbhreathnú ar fhorbairt an Phlean r-Fhoghlama
  - An fhoireann forbartha
  - Tréimhse ina ndearnadh an Plean r-Fhoghlama a fhorbairt

Forbhreathnú agus Pleananna Gníomhaíochta

Is eilimint ríthábhachtach den doiciméad í an chuid seo. Cuimsítear na nithe seo a leanas ann:

- Forbhreathnú ar an bPlean r-Fhoghlama
  - Achoimre ar na tosaíochtaí, na spriocanna agus na tascanna
- Pleananna Gníomhaíochta
  - Cur síos mionsonraithe ar gach tasc
  - Nósanna imeachta maidir le monatóireacht agus measúnú

Conclúid

Cuimsítear na nithe seo a leanas sa chuid seo den phlean:

- Buiséad TFC na scoile
- Liosta seiceála ar bheartais na scoile maidir le TFC
- Tréimhse mheasúnaithe
- Síniú an phríomhoide agus chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta, dáta ar glacadh leis an bPlean agus dáta an athbhreithnithe

Cad chuige a ndéanfaí Plean r-Fhoghlama?

Baineann an-tairbhe le Plean r-Fhoghlama a fhorbairt maidir le TFC a chomhtháthú leis an bhfoghlaim agus leis an teagasc. Thar gach rud eile cuirfear na nithe seo a leanas i gcrích de bharr Plean r-Fhoghlama a fhorbairt:

- soláthrófar deis do phobal na scoile fís chomhaontaithe r-Fhoghlama scoile a fhorbairt
- cuirfidh sé gné thábhachtach leis an bPlean Scoile Uile
- déanfaidh sé doiciméadú ar an tslí a dtacóidh TFC le teagasc, foghlaim agus straitéisí measúnaithe na scoile
- soláthróidh sé straitéis atá dírithe ar TFC a chur i bhfeidhm sa scoil chun cabhrú léi fís fhoghlama na scoile a réalú sa 21ú haois
- tacóidh sé leis an scoil agus í ag cur isteach ar mhaoiniú
- cabhróidh sé leis an scoil cibé maoiniú a fhaightear a dháileadh go straitéiseach

Ceannaireacht i gcomhthéacs pleanáil r-Fhoghlama

Bíonn gá le ceannaireacht scoile chun TFC a chomhtháthú le cultúr na scoile. Is mó is cosúil go n-éireoidh leis an gcomhtháthú i dtimpeallacht thacúil scoile ina mbíonn ról ríthábhachtach ag an bpríomhoide maidir leis an bpróiseas pleanála a éascú. Ní gá don phríomhoide a bheith ina s(h)aineolaí ar úsáid TFC ná ar r-Fhoghlaim.

Chun TFC a chomhtháthú leis an bhfoghlaim agus leis an teagasc ní mór an scoil uile a bheith dírithe ar fhoghlaim agus ar theagasc agus ar fheabhsú eagrúcháin. Chuige sin beidh ceannaireacht ag teastáil. Éileoidh cur chuige na scoile uile go gcuirfear na nithe seo a leanas san áireamh:

- gné na fealsúnachta (fealsúnacht oideachais na scoile i leith TFC)
- gné na hoideolaíochta (foghlaim agus teagasc)
- an ghné fhisiciúil (foireann, áiseanna agus trealamh)
- gnéithe praiticiúla (maoiniú agus an méid ama atá ar fáil)

"Tá ceannaireacht agus fís láidir ríthábhachtach le TFC a leabú i scoileanna. Ní mór do gach scoil, faoi cheannas an phríomhoide agus tacaithe ag an múinteoir Comhordaithe TFC, a ndícheall a dhéanamh i dtreo comhordú TFC éifeachtach na scoile uile agus ba chóir dó seo dul ar aghaidh mar thaithí foghlama coincréite do na daltaí."

Ag Infheistiú go hÉifeachtach i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide i Scoileanna, 2008-2013 – Tuarascáil ó Ghrúpa Straitéiseach an Aire

An Lámhleabhar r-Fhoghlama a Úsáid

Ceapadh an lámhleabhar seo le go gcuirfear na huirlisí agus an réasúnaíocht ar fáil do cheannairí na scoile, an príomhoide agus an múinteoir comhordaithe TFC go príomha, chun cuidiú leo Plean r-Fhoghlama a fhorbairt mar chuid de phróiseas pleanála na scoile uile.

Déileálann an lámhleabhar r-Fhoghlama ar shlí chórasach leis an bpróiseas pleanála. Tá ceithre chéim sa phróiseas sin:

1. Athbhreithnigh agus cuir in ord tosaíochta
2. Déan an Plean r-Fhoghlama a fhorbairt
3. Cuir an Plean r-Fhoghlama i bhfeidhm agus déan monatóireacht air
4. Déan measúnú ar an bPlean r-Fhoghlama

Soláthraíonn an lámhleabhar uirlisí agus acmhainní ábhartha, ar a n-áirítear:

- teimpléid iniúchta r-Fhoghlama
- plean oibre r-fhoghlama
- teimpléad don Phlean r-Fhoghlama
- cás-staidéir r-Fhoghlama
- Eolas tacaíochta agus comhairle ón NCTE

Ina theannta sin, tá réimse tacaí eile a chuideoidh le scoileanna lena bPlean r-Fhoghlama a chruthú agus a fheidhmiú:

- suíomh idirlín an NCTE www.ncte.ie/elearningplan
- Creat TFC an NCCA www.action.ncca.ie
- Cúrsaí forbartha gairmiúla de chuid an NCTE www.ncte.ie/ICTTraining/Courses
- Suíomh idirlín Scoilnet www.scoilnet.ie

Soláthraíonn na seirbhísí tacaíochta um phleanáil scoile comhairle i dtaobh pleanáil forbartha don scoil uile mar aon le tacaíocht, réimse ina mbeidh ról suntasach ag an bPlean r-Fhoghlama:

- tacaíocht bhunscoile www.ppds.ie
- tacaíocht iar-bhunscoile www.sdpi.ie agus www.slss.ie

Achoimre

- Tá pleanáil r-Fhoghlama mar chuid den phróiseas Pleanála Scoile Uile.
- Is é/í an príomhoide a bhíonn i gceannas ar an bpróiseas pleanála r-Fhoghlama.
- Soláthraíonn an lámhleabhar r-Fhoghlama comhairle ar fhorbairt an Phlean r-Fhoghlama.